

Mayo Sports Partnership



Comhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo

comhpháirtíocht spóirt mhaigh eo


plean feidhmithe

2006 | 2007



Mayo County
Development Board
Bord Forbartha Chomair Mhaigh Eo





Ba mhaith le Comhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo buíochas a ghlacadh le Ken Wright agus leis an Western People as ucht a dtacaíochta i riar ghrianghraif a sholáthar le n-úsáid sa bhfoilseachán seo.

Tá gach eolas atá san doiciméad seo cruinn ar a dhul i gcló. Ní ghlacann Chomhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo aon fhreagracht i leith aon earráidí nó easnaimh.

Pobal & Fiontar, Comhairle Chontae Mhaigh Eo,
Áras an Chontae, Caisleán an Bharraigh, Co. Mhaigh Eo.

Teil: (094) 90 29911 **R-phost:** msp@mayococo.ie
Faics: (094) 90 29912 **Gréasán:** www.mayocdb.ie



réamhrá

An Tionscnamh Áitiúil Comhpháirtíochta Spóirt

Molann Plean Straitéiseach Chomhairle Spóirt na hÉireann *Spóirt don Saol* go bhfuil Comhpháirtíocht Spóirt Áitiúil lárnach do rannpháirtíocht mhéadaithe i spóirt agus i ngníomhaíocht fhísiciúil ag an oll-daonra. Bhunaigh Comhairle Spóirt na hÉireann (CSÉ) an chéad Chomhpháirtíocht Spóirt Áitiúil i 2001. Faoi Nollaig 2005, bhí CÁSanna bunaithe i sé cinn déag d'ionaid, Maigh Eo san áireamh.

Is iad aidhmeanna na Comhpháirtíochta Spóirt ná:

- chun rannpháirtíocht i spóirt a mhéadú trí feabhas a chur ar infhaighteacht dheiseanna i spóirt do chuile dhuine;
- chun a chinntiú go n-úsáidtear na hacmhainní infheistithe i spóirt ag leibhéal áitiúil leis an éifeacht is fearr.

Tá gealltanas tugtha ag CSÉ do thacaíocht leanúnach a sholáthar do CÁSanna ag áireamh:

- **maoiniú lárnach** i leith costas fostaithe comhordaitheoirí áitiúla spóirt, forbairt na comhpháirtíochta agus thionscnaimh nua áitiúla
- **maoiniú dúshláin** i leith tionscnamh sonracha, ard tosaíochta, sprioctha atá aitheanta agus curtha chun cinn ag CSÉ

Comhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo

Seoladh Comhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo go hoifigiúil i Márta 2005 mar fho-oifig de chuid Bhord Forbartha Chontae Mhaigh Eo.

Tá Bord Chomhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo comhdhéanta de sheisear ball déag thar ceann ghníomhaireachtaí a dhéanann infheistíocht, nó a bhfuil suim acu i bhforbairt spóirt sa chontae agus ag a bhfuil naisc bunaithe nó déanta acu le grúpaí eile, Fóram Pobail an Chontae, Fóram Spóirt an Chontae agus Fóram Míchumais an Chontae san áireamh.

Tá Comhordaitheoir agus Riarthóir Spóirt proifisiúnta fostaithe chun feidhmiú an phlean straitéisigh a comhordú.

Bord Chomhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo

Comhairle Chontae Mhaigh Eo
Bord Forbartha Chontae Mhaigh Eo
Coiste Ghairmoideachais Chontae Mhaigh Eo
Feidhmeannacht Sheirbhís Sláinte an Iarthair
Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Mhaigh Eo
An Roinn Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta
FÁS - An tÚdarás Traenála
Ionad Oideachais Mhaigh Eo

Fóram Spóirt
Mhaigh Eo

Fóram Pobail
an Chontae

Fóram
Míchumais
Mhaigh Eo

An Plean Straitéiseach agus Feidhmithe

In Aibreán 2006 sheol Comhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo a céad phlean straitéiseach - ag leagan amach mianta agus fócas na comhpháirtíochta i gcur chun cinn spóirt sa chontae don tréimhse 2006-2009.

I dtiomsú an phlean, chuaigh Comhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo i gcomhairle ar bhonn leathan leis na príomh scairshealbhoirí i spóirt sa chontae ag áireamh daoine aonair, eagraíochtaí pobail agus deonacha, clubanna spóirt, scoileanna agus comhlachtaí reachtúla bainteach le cur chun cinn agus le soláthar spóirt sa chontae.

Féachann an plean, go háirithe, le comhordú níos éifeachtaí a dhéanamh ar obair na ngníomhaireachtaí atá bainteach cheana féin i ngach gné d'fhorbairt spóirt i gContae Mhaigh Eo agus chun comhlánú agus breis-luacháil a chur le soláthar reatha spóirt. Leagan an plean amach sraith de cheithre sprioc theamaiteacha socraithe trí chomhaontú agus díriú ar fhís fhadtéarmach do spóirt sa chontae.

Leagann an Plean Feidhmithe amach obair na Comhpháirtíochta Spóirt sa chéad dá bhliain den bPlean Straitéiseach.

Giorraithe in Úsáid

| | | |
|----------------|---|--|
| COSM | = | Comhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo |
| FPCM | = | Fóram Pobail Chontae Mhaigh Eo |
| UAM | = | Údarás Áitiúla Mhaigh Eo |
| CGOM | = | Coiste Gairmoideachais Mhaigh Eo |
| ITGM | = | Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe/Mhaigh Eo |
| FSSI | = | Feidhmeannacht Sheirbhís Sláinte an Iarthair |
| FÁS | = | FÁS, an tÚdarás Oiliúna |
| IOM | = | Ionad Oideachais Mhaigh Eo |
| ESM (F) | = | Fóram Spóirt Mhaigh Eo (clubanna agus eagraíochtaí) |
| CCLM | = | Coiste Chúram Leanaí Mhaigh Eo |
| CLM | = | Comhpháirtíocht LEADER Mhaigh Eo |
| TÁFP | = | Tograí Áitiúla Forbartha Pobail |
| BFCM | = | Bord Forbartha Chontae Mhaigh Eo |
| FMM | = | Fóram Míchumais Mhaigh Eo |
| IBCA | = | Institiúid Bhainistíochta Chaitheamh Aimsire agus Áise |
| CSM | = | Comhpháirtíocht Siúil Mhaigh Eo |
| CAS | = | Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt |



plean feidhmithe 2006/07

Ár míniú ar Spórt


Ar chúiseanna an phlean straitéisigh seo, déanaimid SPÓRT a shainmhíniú mar **gach cineál gné de ghníomhaíocht fhisiciúil a dhíríonn, trí rannpháirtíocht neamhfhoirmeálta nó eagraithe, ar chorpacmhainn fhisiciúil agus dea-bhail intinne, ag cruthú gaolmhaireachtaí sóisialacha nó ag fáil deá-thorthaí i gcomórtais i ngach leibhéal.** Áiríonn an sainmhíniú leathan seo ar spórt, imirt ghníomhach, corpoideachas, aclaíocht agus spórt iomaíoch.

Ár bhfís

Tá an fhís fhadtréimhseach roinnte de Chomhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo, agus den idéal lena bhfuil an Bord ag dúil a bhaint amach, mar **thimpeallacht a spreagann agus a chuireann ar chumas daoine a bheith páirteach i spórt.**

Ár dTéamaí & Spriocanna

Ar thóir na fise seo, tá ceithre théama aitheanta ag Comhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo a chruthaíonn an fhrámaíocht ina gcuirfead gníomhaíocht chun cinn i dtéarma an chéad phlean straitéisigh seo. Seo iad mar a leanas:



Ár Ráiteas Misin

Ar thóir na fise ráite, is é misean Chomhpháirtíochta Spóirt Mhaigh Eo ná **chun forbairt inmharthana spóirt i Maigh Eo a phleanáil, a stiúradh agus a chomhordú.**

Ár bPríomh Róil


Is iad ról lárnacha Chomhpháirtíochta Spóirt Mhaigh Eo ná:

- chun polasaí agus deá-chleachtas do spórt i Maigh Eo a chur in eagar;
- chun feidhmiú an phlean straitéisigh a chomhordú;
- chun páirtíocht agus comhoibriú a chothú idir ghníomhaireachtaí uilig rannpháirteach i bhforbairt spóirt i Maigh Eo.
- chun a chinntiú go gcuireann baill ghníomhaireachtaí uilig le saothar na comhpháirtíochta;
- chun scairshealbhóirí a tharraingt isteach i bhfaisnéis a thabhairt do threo an CSA sa todhchaí.
- chun ról spóirt a chomhtháthú i bhforbairt shóisialach, oideachasúil agus chultúrtha an chontae.

Ár bPrionsabail Lárnacha

Is iad na prionsabail lárnacha a threoraíonn ár saothair ná:


- **comhionannas agus comhtháthú**
Déanfaimid daoine uilig páirteach agus freastalóimid orthu go cothrom, is cuma faoin a aois, a gcumas nó a gcúlra.
- **cumhachtú**
Déanfaimid cumasú agus cumhachtú daoine aonair, eagraíochtaí agus pobal a chur chun cinn.
- **inmharthanacht**
Cuideoidimid le forbairt inmharthana spóirt.
- **breis luacha**
Féachfaimid chuige, tríd ár n-imoibriú le gníomhaireachtaí eile, le breis luacha a chur le soláthar reatha spóirt.
- **athrú**
Fanaimid oscailte d'athrú agus táimid faoi ghealltanais i leith athraithe, áit a n-éilíonn an riachtanas é.



téama 1 | cur le rannpháirtíocht

sprioc Chun cur le leibhéal rannpháirtíochta spóirt i Maigh Eo.

| Cuspóirí | Gníomhaíochtaí Straitéiseacha 2006/07 | Torthaí | Gníomhaireachtaí Molta Seachadta |
|--|--|--|--|
| 1.1 Monatóireacht a dhéanamh ar rannpháirtíocht agus ar sholáthar spóirt sa chontae. | 1.1.1 Cuir staitisticí maidir le leibhéal rannpháirtíochta agus pátrúin agus spéiseanna mhuintir Maigh Eo i gcomórtas. | Staitisticí suas chun dáta ar rannpháirtíocht spóirt i Maigh Eo. | COSM / CSÉ |
| | 1.1.2 Déan forbairt air agus coinnigh bunachar sonraí de theagascóirí agus de threoirithe. | Bunachar Treoirithe Spóirt | COSM / ESM(F) |
| 1.2 Rannpháirtíocht i spóirt ag gach leibhéal a chur chun cinn. | 1.2.1 Déan eolaí clubanna spóirt agus a soláthar a chur le chur le chéile agus a choinneáil. | Bunachar Soláthraithe Spóirt. | COSM |
| | 1.2.2 Déan deiseanna do rannpháirtíocht i spóirt caithimh aimsire a shain scagadh agus a chur chun cinn. | <i>Gabh, gabh i Maigh Eo!</i> Pointe Eolais. | COSM |
| 1.3 Rannpháirtíocht i spóirt a mhéadú ag grúpaí ar bheagán rannpháirtíochta. | 1.3.1 Aithnigh tionscnaimh chun rannpháirtíocht chailíní agus mhná, ógánaigh, dhaoine fásta níos aosta, dhaoine i gceantair faoi bhuntáiste, náisiúnaithe choimhthíocha agus dhaoine faoi mhíchumas i spóirt a mhéadú. | Treoirínte lárnacha i leith idirghabháil rathúil do ghrúpaí ar rannpháirtíocht íseal. Cláir rannpháirtíochta agus cúrsaí traenála seachadta. | FSSI / COSM / CGM / ITGM / UAM / CLM / PFC / FÁS |
| 1.4 Chun líon na dtreoirithe i spóirt chaithimh aimsire a mhéadú. | 1.4.1 Tionscain cláir dírithe ar dhaoine deonacha a earcú do spóirt caithimh aimsire. | Líon breise daoine deonacha. | ESM(F) / FPCM |
| | 1.4.2 Déan forbairt ar fheachtais mhothúcháin dírithe ar rannpháirtíocht thuismitheoirí a mhéadú i bpáirtíocht a bpáistí i spóirt. | Líon méadaithe thuismitheoirí rannpháirteach i gceannasaíocht spóirt. | FSSI / COSM / CGOM/IOM |
| 1.5 Chun cur ar chumas pobal méadú a chur ar rannpháirtíocht i spóirt ag leibhéal áitiúil. | 1.5.1 Bunaigh tionscnaimh chun cur ar chumas pobal cur le, saibhriú agus malartú a dhéanamh ar sholáthar spóirt ag leibhéal pobail. | Soláthar breise áitiúil Soláthar áitiúil méadaithe ag áireamh: - Cláir bhreise - úsáid níos fearr ar áiseanna - líon méadaithe ceannasaithe. | CGOM / FSSI / ESM(F) / CSM / ITGM |
| | 1.5.2 Déan píolótú agus luacháil ar thogra chun cur ar chumas pobal faoi mhíbhuntáiste rannpháirtíocht i spóirt chaithimh aimsire ina gceantar a phleanáil agus a mhéadú. | Togra píolótach curtha i bhfeidhm agus luacháil déanta air. | FPCM / TAFP / BFCM / FÁS / CLM |



téama 2 | oideachas agus traenáil

sprioc Chun tacú le agus éascú a dhéanamh ar thraenáil agus oideachas dóibh siúd atá comhbhainteach in eagrú spóirt sa chlub i suímh an chlub, an phobail agus na scoile

| Spriocanna | Gníomhaíochtaí Straitéiseacha 2006/07 | Torthaí | Gníomhaireachtaí Molta Seachadta |
|---|--|---|---|
| 2.1 Chun tacú le agus cothú a thabhairt d'obair an ghníomhaí deonaigh spóirt. | 2.1.1 Déan taighde chun riachtanais traenála teagascóirí deonacha agus ceannasaithe chaithimh aimsire a aithint. | Anailís déanta ar riachtanais traenála oibrithe Spóirt deonacha. | FSM / COSM / ESM(F) |
| | 2.1.2 Cuir plan le chéile chun tacú le riachtanais traenála daoine deonacha i spórt. | | Forbairt déanta ar phlean Traenála Daoine Deonacha i Spórt. |
| 2.2 Chun éascú a dhéanamh ar fhorbairt inmharthana chlubanna spóirt. | 2.2.1 Cuidigh le Fóram Spóirt Mhaigh Eo chun roinnt eolais agus planáil d'fhorbairt inmharthana chlubanna spóirt a éascú. | Fóram Spóirt cumasaithe chun príomh-ábhair forbartha a aithint. | COSM |
| | 2.2.2 Déan clár a sholáthar chun deá-chleachtas a chur chun cinn in earcú, i dtraenáil agus i gcuidiú le teagascóirí spóirt. | | Líon méadaithe teagascóirí cáilithe spóirt. |
| 2.3 Chun sár dheiseanna spóirt a sholáthar do ghrúpaí sprioctha lag-rannpháirtíochta. | 2.2.3 Déan Oifigigh Forbartha Spóirt a cheapadh chun cuidiú i bhforbairt na hearnála eagraithe spóirt. | OFS ceaptha. | FSM / ESM(F) / UAM / agus comhlachtaí eile |
| | 2.3.1 Déan forbairt ar thionscnaimh thraenála dírithe chun cur ar chumas daoine deonacha deiseanna a sholáthar oiriúnach do riachtanais chailíní, do mhná agus do dhaoine fásta níos aosta le riachtanais speisialta. | Soláthar feabhsaithe do, agus rannpháirtíocht mhéadaithe, ag grúpaí lag-pháirtíochta. | FSSI / ESM(F) / CGOM / CLM / BFCM / FÁS / ITGM |
| | 2.3.2 Déan tionscnaimh a sholáthar chun cur le taithí rannpháirtíochta i spórt do pháistí óga. | | Traenáil fhiúntach cheannasaíochta seachadta. |
| 2.4 Chun cur ar chumas Bhord COSM an plan straitéiseach a sheachadadh go héifeachtach. | 2.4.1 Eagraigh idirghabhálaithe traenála réitithe ar mhaithe le cur ar chumas an Bhoird feidhmiú, monatóireacht agus luacháil a dhéanamh ar an bPlan Straitéiseach agus ar Phleananna Feidhmithe. | Dhá eadráin traenála seachadta. | COSM |
| | 2.4.2 Athbhreithniú a dhéanamh ar an bplan feidhmithe. | | Athbhreithniú críochnaithe. |



téama 3 | áiseanna agus saoráidí

sprioc Chun cur chuige straitéiseach, inmharthana a chur chun cinn i leith na forbartha agus na húsáide infrastrúchtúir spóirt i Maigh Eo

| Spriocanna | Gníomhaíochtaí Straitéiseacha 2006/07 | Torthaí | Gníomhaireachtaí Molta Seachadta |
|--|--|--|---|
| 3.1 Chun Plean infrastrúchtúir Spóirt a fhorbairt do Mhaigh Eo. | 3.1.1 Déan iniúchadh ar áiseanna agus ar shaoráidí chaithimh aimsire spóirt i Maigh Eo a riaradh. | Iniúchadh Áiseanna / Saoráidí críochnaithe. | COSM / BFCM / FPCM |
| | 3.1.2 Déan anailís riachtanais d'úinéirí/d'oibrithe Áiseanna a riaradh. | Anailís Riachtanais críochnaithe. | COSM |
| 3.2 Chun deá-chleachtas d'fhorbairt áiseanna agus saoráidí agus d'úsáid a chur chun cinn ag leibhéal pobail. | 3.2.1 Déan soláthar áiseanna spóirt agus caithimh aimsire a mholadh agus a chur chun cinn mar eilimint comhtháthaithe den bplean forbartha contae. | Saoráidí feabhsaithe ag leibhéal pobail. | COSM/ BFCM |
| | 3.2.2 Déan treoirlínte deá-chleachtas a fhorbairt do phleanáil, do thógáil agus do bhainistiú áiseanna agus shaoráidí spóirt ag leibhéal pobail. | Doiciméad Treoirlínte curtha amach. | COSM/BFCM |
| 3.3 Chun cuidiú le scoileanna, pobail agus eagraíochtaí i bhforbairt sár-áiseanna agus saoráidí. | 3.3.1 Déan eolas a shaincagadh agus a roinnt maidir le foinsí maoinithe d'fhorbairt áiseanna agus saoráidí. | Eolas breise ar fáil ar mhaoiniú d'fhorbairt áise. | COSM / BFCM |
| | 3.3.2 Eagraigh ceardlanna chun cuidiú le scoileanna, clubanna agus pobail le hiarratais i gcóir na Scéime Deontais Caipitil. | Ceithre cheardlann scéime deontais caipitil faighte. | COSM/ESM(F) |
| 3.4 Chun úsáid bhreise na timpeallachta nádúrtha a chur chun cinn. | 3.4.1 Déan forbairt ar straitéis chun imeachtaí lasmuigh a chur chun cinn sa chontae. | Forbairt déanta ar an straitéis. | CGOM / ITGM / COSM Agus comhlachtaí turasóireachta |
| | 3.4.2 Cuir straitéis siúlóide ar fáil agus déan éascú ar phobail i bhforbairt siúlóidí ag leibhéal áitiúil. | Réimse feabhsaithe deiseanna do shiúl. | BFCM / CSM / CLM / UAM |
| | 3.4.3 Déan tionscnaimh a fhorbairt chun cur le rannpháirtíocht i rothaíocht. | Leibhéil mhéadaithe rannpháirtíochta i rothaíocht. | UAM / COSM |



téama 4 | cumarsáid & comhordú

sprioc Chun buntáistí leathana rannpháirtíochta spóirt a roinnt agus saothar na soláthraithe lárnacha i Maigh Eo a chomhordú

| Spriocanna | Gníomhaíochtaí Straitéiseacha 2006/07 | Torthaí | Gníomhaireachtaí Molta Seachadta |
|--|---|---|----------------------------------|
| 4.1 Chun spéis a chruthú i bheith rannpháirteach agus i bheith bainteach le spórt. | 4.1.1 Cuir eolas chun cinn trí fheachtais phoiblíochta agus eolais maidir le buntáistí i bheith rannpháirteach agus ról ceannasaíochta a ghlacadh i spórt i gcóir forbairt phearsanta, forbairt phobail agus comhtháthú sóisialta. | Eolas méadaithe ar bhuntáistí rannpháirtíochta i spóirt trí aiseolas faighte ar fheachtais rathúla. | Gníomhaireachtaí uilig |
| | 4.1.2 Déan sainscagadh agus roinnt ar eolas maidir le deiseanna do dhaoine páirt a ghlacadh i nó a bheith rannpháirteach i spórt. | <i>Gabh! Gabh! I Maigh Eo!</i> Forbairt déanta ar phointe eolais. | COSM + Gníomhaireachtaí eile |
| 4.2 Comhordú a chur chun cinn idir na gníomhaireachtaí comhpháirteacha ar an mBord agus teagmháil le scairshealbhóirí eile i bhforbairt spóirt. | 4.2.1 Déan gaolta oibre éifeachtacha a thógáil agus a éascú idir gníomhaireachtaí páirteach i bhforbairt spóirt. | Ionchur méadaithe ag gníomhaireachtaí ag áireamh margaíocht, acmhainní daonna, srl. | COSM |
| | 4.2.2 Déan deiseanna a sholáthar do dhul i gcomhairle agus do ghréasánú le scairshealbhóirí lárnacha eile sa chontae. | Tuiscint agus rannpháirtíocht fheabhsaithe i gcás scairshealbhóirí. | COSM |
| | 4.2.3 Déan éascú ar theagmháil rialta idir Comhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo agus Chomhairle Spóirt na hÉireann, CSAnna eile agus gníomhaireachtaí lárnacha náisiúnta. | Teagmhálacha dearfacha oibre le háisinteachtaí eile. | COSM / CSÉ / CÁSna |
| 4.3 Chun gnóthaí COSM a riaradh agus a bhainistiú ar bhealach éifeachtach agus trédhearcach. | 4.3.1 Bunaigh córais agus acmhainní chun bainistiú éifeachtach a dhéanamh ar ghnóthaí Comhpháirtíochta Spóirt Mhaigh Eo agus an plean do 2006/07 a fheidhmiú. | Bainistíocht éifeachtach COSM. | COSM |
| | 4.3.2 Déan córais mhalartaithe eolais, arbh fhéidir a shroicheadh go furasta, a fhorbairt do chuile duine rannpháirteach nó a bhfuil suim acu in obair COSM. | Malartú eolais insroichte. | COSM |
| 4.4 Chun eolas a chruthú agus tacaíocht a lorg d'obair Chomhpháirtíochta Spóirt Mhaigh Eo. | 4.4.1 Déan an Plean Straitéiseach agus an Plean Feidhmithe a roinnt agus a chur chun cinn i measc an phobail go ginearálta agus scairshealbhóirí lárnacha. | Plean Straitéiseach ar fáil do scairshealbhóirí agus don bpobal. | COSM |